FÉILE IDIRNÁISIÚNTA PAN CHEILTEACH 2019

COMÓRTAS AMHRÁN NUA-CHUMTHA 2019
Comórtas Náisiúnta chun Amhrán na hÉireann a roghnú

NA RIALACHA:

1.

1. Amhrán nua i dteanga cheilteach atá á lorg.
2. I nGaeilge a bheidh amhrán na hÉireann.
3. Is gá an ceol agus na focail a bheith nua-chumtha.
4. Measfar an t-amhrán ar fheabhas na bhfocal, an cheoil agus an chur i láthair.

2.

1. Roghnóidh gach tír amhrán amháin le dul san iomaíocht. An coiste náisiúnta i ngach tír a roghnóidh an t-amhrán trí chomórtas náisiúnta chuige sin.
2. Ní mór don bhuaiteoir náisiúnta a (h)amhrán a chanadh beo ag an bhFéile Idirnáisiúnta Pan Cheilteach nó socrú a dhéanamh go gcanfar beo ansin é.
3. Ní cheadaítear ceol taifeadta ná a leithéid sa chomórtas poiblí.

3.

1. Ní mór an t-amhrán a chur isteach ar CD nó mp3.
2. Ní mór freisin na focail agus an ceol a chur ar fáil. Moltar go mbeadh na focail cló-scríofa ach is gá dóibh, ar a laghad, a bheith scríofa go néata, soiléir.
3. Níl aon táille iontrála.
4. Úsáid an fhoirm iontrála (FPC1) agus seol chuig **An Comórtas Amhrán Pan Cheilteach, Glór Cheatharlach, Áras na nÓg, Éire Óg, Ceatharlach**. **R93 Y020** nó chuig:

pancelticcarlow@gmail.com

NB: An spriocdháta d'iarratais ná 5.00i.n. Dé hAoine, 1ú Feabhra 2019.

4.

1. Íocfar duais airgid €1,000 leis an amhrán a roghnófar mar amhrán na hÉireann ar an gcoinníoll go gcuirfidh an buaiteoir an t-amhrán i láthair ag an gComórtas Idirnáisiúnta ag an bhFéile Idirnáisiúnta Pan Cheilteach 2019 a bheidh ar siúl i Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall.
2. Níl sárú ar bhreith na moltóirí agus coiste náisiúnta Pan Cheilteach.
3. Is é an buaiteoir náisiúnta atá freagrach as a c(h)ostais féin ag an bhFéile Idirnáisiúnta Pan Cheilteach 2019.
4. Cuirfidh an coiste náisiúnta painéal moltóirí ar fáil chun Amhrán na hÉireann a roghnú don Chomórtas Idirnáisiúnta Pan Cheilteach 2019.

NÓTAÍ BREISE:

1. Déanfar gearrliosta amhráin as na hiarratais seolta isteach roimh 1ú Feabhra. Canfar na hamhráin beo os comhair painéal moltóirí agus lucht éisteachta ag an gComórtas Amhrán Náisiúnta a reáchtáilfear in Ionad VISUAL & Amharclann GB Shaw, Ceatharlach ar an **Satharn, 23ú Márta 2019 ag 8i.n**.
2. Ní chuirfear na hamhráin ar fáil roimhré do mholtóirí an Chomórtais Náisiúnta. Cloisfidh siad iad don chéad uair ag an léiriú beo ar an oíche.
3. Beidh cleachtaidh agus trialacha fuaime ar siúl san iarnóin ar 23ú Márta.
4. Ní cheart an t-amhrán a bheith níos faide ná 4.5 nóiméad ar a mhéad.
5. Déanfaidh an stiúrthóir ceoil, Ollie Hennessy, comhairle a thairiscint do na hiomaitheoirí a roghnófar don chomórtas náisiúnta maidir le cóiriú cuí a chur ar na hamhráin.
6. Beidh ceoltóirí proifisiúnta ar fáil i gCeatharlach le tionlacan breise a chur ar fáil do na hamhránaithe más gá.